



Cearnóga Coirce



Comhábhair

- 50g de choirce mór
- 60g de choirce rollta
- 75g de shiúcra órga
- 110g ime

Modh Oibre

1. Téigh an t-oigheann go 190 céim celsius.
2. Cuimil píosa ime ar thráidire bÁCála.
3. Measc an coirce agus an siúcra i mbabhla.
4. Leáigh an t-im i bpota beag.
5. Measc an t-im isteach leis an gcoirce.
6. Cuir an meascán isteach ar thráidire bÁCála agus brúigh síos le spúnóg é.
7. BÁCáil san oigheann é ar feadh 20 nóiméad.
8. Tóg amach as an oigheann é agus gearr suas i gcearnóga beaga é.
9. Lig dóibh fuarú ar an tráidire go mbeidh siad briosc.
10. Stóráil i mbosca iad a bhfuil claibín dúnta air.

.....
: NOD: Is féidir rísíní nó sabhdánaigh a mheascadh isteach más mian. :
.....

